Spiaire inár measc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phóilín ón Bhreatain a bhí ag obair go rúnda in Éirinn chun eolas a bhailiú do rialtas na Breataine. Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa ar dtús:

An bhfaca tú aon scannán riamh faoi spiairí? Cad é?
An gceapann tú go bhfuil leabhair agus scannáin faoi spiairí áiféiseach? Cén fáth?
Cén fáth a mbíonn spiairí ag rialtais áirithe i dtíortha eile?
An bhfuil aon scéal sa nuacht cloiste agat faoi spiairí le cúpla mí anuas?

Ceist 2 Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na leaganacha Béarla seo a leanas:

1. quiet
2. evidence
3. pretending
4. environmentalist
5. riot
6. demonstrations
7. reluctance
8. undercover
9. Home Office
10. on behalf of
11. operational reasons

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3 **(a)** Féach ar an mhír anois le feiceáil cén Ghaeilge a bhí ar na focail thuas inti.
(b) Scríobh achoimre ghairid ar an mhír.

Ceist 4 Anois féach ar an tuairisc arís agus scríobh síos cad a bhí idir lámha ag Mark Kennedy sna blianta seo a leanas:

2003: _____
2004: _____
2005: _____
2006: _____

Ceist 5 *'le mí anuas'*

Bain úsáid as na focail seo chun na habairtí a bhaineann le tréimhsí ama a aistriú go Gaeilge.

le . . .anuas, ar feadh, go ceann, i gceann

1. I won't have the work done for another week.
2. I stayed in Paris for five days and I had a great time.
3. She has been working here for a year now.
4. He'll be heading home in a while.
5. They said they'd be living in Spain for a year.
6. I wish I could go for a week.
7. Síle will be going to England for a few days in a fortnight's time.
8. Aonraí has been here for five minutes.
9. I was only on the phone for ten minutes.
10. Wait for a week.

Ceist 6 Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

(a) *aithne, eolas, fios, cur amach*

(b) *gan fhios, cuir fios ar, tabhair le fios, go bhfios dom*

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Iarr ar na foghlaimeoirí na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ceist 2
1. quiet – *ina thost*
2. evidence – *fianaise*
3. pretending – *ag ligean ar*
4. environmentalist – *gníomhaí timpeallachta*
5. riot – *círéib*
6. demonstrations – *agóidí*
7. reluctance – *drogall*
8. undercover – *faoi cheilt*
9. Home Office – *Gnóthaí Baile*
10. on behalf of – *thar ceann*
11. operational reasons – *cúiseanna oibriúcháin*

Ceist 3
Cuir an mhír ar siúl agus téigh siar ar na focail faoi cheist 2 arís. Abair leis an rang achoimre ghearr a scríobh tar éis éisteacht leis an mhír uair amháin.

Ceist 4

2003:	Ón bhliain sin i leith bhí Mark Kennedy ag ligean air gur ghníomhaí timpeallachta a bhí ann faoin ainm Mark Stone.
2004:	Bhí sé páirteach i gcíréib Lá Bealtaine i mBaile Átha Cliath.
2005:	Ghlac sé páirt sna hagóidí a thit amach ag an mhórchruinniú G8 in Albain.
2006:	Bhí sé ag glacadh páirte san fheachtas *Shell Chun Sáile* i gContae Mhaigh Eo.

Ceist 5

1. I won't have the work done for another week.
   Ní bheidh an obair déanta agam go ceann seachtain amháin eile.
2. I stayed in Paris for five days and I had a great time.
   D'fhan mé i bPáras ar feadh cúig lá agus bhí am ar dóigh agam.
3. She has been working here for a year now.
   Tá sí ag obair anseo le bliain anuas anois.
4. He'll be heading home in a while.
   Beidh sé ag imeacht leis abhaile i gceann tamaill.
5. They said they'd be living in Spain for a year.
   Dúirt siad go mbeadh siad ina gcónaí sa Spáinn ar feadh bliana.
6. I wish I could go for a week.
   Ba bhreá liom dul ar feadh seachtaine.
7. Síle will be going to England for a few days in a fortnight's time.
   Beidh Síle ag dul go Sasana ar feadh cúpla lá i gceann coicíse.
8. Aonraí has been here for five minutes.
   Tá Aonraí anseo le cúig nóiméad anuas.
9. I was only on the phone for ten minutes.
   Ní raibh mé ar an ghuthán ach ar feadh deich nóiméad.
10. Wait for a week.
    Fan go ceann seachtaine.

Ceist 6

(a)

aithne - Tá aithne agam ar an duine sin. (aithne ar dhuine)
eolas – Níl aon eolas agam faoin scéal sin.
fios – Níl a fhios agam faoi sin.
cur amach – Níl aon chur amach agam ar an áit sin.

(b)

gan fhios – D'imigh sé gan fhios dom.
cuir fios ar – Ná déan dearmad fios a chur ar an dochtúir.
tabhair le fios – Thug sé le fios go raibh a chuid oibre déanta aige.
go bhfios dom – Níor tháinig sí ar chor ar bith, go bhfios domsa.

Éimear Ní Chonaola

Tá baile beag i dTuaisceart Chontae Chorcaí ina thost faoi fhear a raibh saol dúbailte aige a chaith tréimhsí ina chónaí ar an mbaile. Póilín sa Bhreatain[i] ba ea Mark Kennedy a bhí ina spiadóir[ii] ar ghrúpaí timpeallachta ar fud na hEorpa le seacht mbliana anuas. Tá sé go mór sa nuacht le mí anuas mar gur chlis sé ar chás nuair a thug sé fianaise sa Bhreatain.

Grett O'Connor

Seacht gciliméadar[iii] ó thuaidh ó Cheann Toirc atá Cill Bhriain, sráidbhaile ciúin tuaithe. Is anseo atá bean chéile agus beirt pháiste Mark Kennedy ina gcónaí. Ó 2003 i leith bhí seisean ag ligean[iv] air gur ghníomhaí timpeallachta a bhí ann faoin ainm Mark Stone. Bhí sé páirteach i gcíréib Lá Bealtaine i mBaile Átha Cliath i 2004 agus sna hagóidí a thit amach ag an mórchruinniú G8 in Albain i 2005. Chaith sé tamall ag glacadh páirte san fheachtas[v] *Shell Chun Sáile* i gContae Mhaigh Eo i 2006. Inniu i gCill Bhriain bhí drogall ar mhuintir na háite aon ní a rá faoi Mark Kennedy. Dúradar nach raibh aon aithne acu air. Dúirt an sagart áitiúil, an tAthair Michael Campbell, nár bhuail sé leis ach uair amháin agus nach n-aithneodh sé arís é.

Ardaíonn scéal Mark Kennedy ceisteanna spéisiúla. An mó póilín[vi] sa Bhreatain atá ag gabháil d'obair faoi cheilt i ngrúpaí agóideacha[vii] agus tá an Rúnaí Gnóthaí Baile thall ag smaoineamh ar fhiosrúchán iomlán a bhunú chun an cheist sin a fhreagairt. Ach, seo ceist eile – an bhfuil Gardaí sa tír seo ag gabháil don obair chéanna? Inniu dúirt urlabhraí thar ceann phreasoifig[viii] na nGardaí nach bhféadfaí eolas den sórt[ix] sin a roinnt ar chúiseanna oibriúcháin. Grett O'Connor, Nuacht TG4, Cill Bhriain, Contae Chorcaí.

---

[i] *sa mBreatain* a deirtear i gcanúint an Iarthair
[ii] *spiaire* an focal ceart sa chaighdeán
[iii] *chiliméadar* a deirtear
[iv] *ligint* a deirtear
[v] *sa bhfeachtas* a deirtear i gcanúint an na Mumhan
[vi] *póilíní* a deirtear
[vii] *agóidíochta* a deirtear
[viii] *preasoifig* a deirtear
[ix] *den tsóirt* a deirtear